# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 322

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

26 Lúnasa 2022


Clár


IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 322/01 Rátaí malairte an euro — 25 Lúnasa 2022 ..... 1

**An Chomhairle**

2022/C 322/02 Conclúidí ón gComhairle maidir le hobair cosanta sibhialta i gcoinne an athraithe aeráide ..... 2

V *Fógairtí*

GNÍOMHARTHA EILE

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 322/03 Foilsiú an doiciméid aonair leasaithe tar éis mionleasú a fhormheas de bhun an dara fomhír d'Airteagal 53 (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ..... 6


GA

IV

*(Fógraí)*

## FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Rátaí malairte an euro** [1]

**25 Lúnasa 2022**

(2022/C 322/01)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 0,9970 | CAD | dollar Cheanada | 1,2881 |
| JPY | yen na Seapáine | 136,07 | HKD | dollar Hong Cong | 7,8234 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4374 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,6006 |
| GBP | punt steirling | 0,84293 | SGD | dollar Shingeapór | 1,3857 |
| SEK | krona na Sualainne | 10,5525 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 331,98 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9616 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 16,7903 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 140,30 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 6,8317 |
| NOK | krone na hIorua | 9,6400 | HRK | kuna na Cróite | 7,5140 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | IDR | rupiah na hIndinéise | 14 753,15 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,648 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,4586 |
| HUF | forint na hUngáire | 408,93 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 55,842 |
| PLN | zloty na Polainne | 4,7578 | RUB | rúbal na Rúise | |
| RON | leu na Rómáine | 4,8758 | THB | baht na Téalainne | 35,732 |
| TRY | lira na Tuirce | 18,1120 | BRL | real na Brasaíle | 5,0879 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,4306 | MXN | peso Mheicsiceo | 19,8132 |
| | | | INR | rúipí na hIndia | 79,6555 |

(1) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

# AN CHOMHAIRLE

**Conclúidí ón gComhairle maidir le hobair cosanta sibhialta i gcoinne an athraithe aeráide**

(2022/C 322/02)

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

I bhfianaise an mhéid seo a leanas:

I. RÉAMHRÁ

1. Á MHEABHRÚ DI gurb é is aidhm do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leagtar amach i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe, do Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide agus do Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030, rioscaí tubaiste aeráide a laghdú;

2. AG FÉACHAINT d'Airteagal 196 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena gcothaítear comhar idir Bhallstáit chun aghaidh a thabhairt ar thubaistí, agus Airteagal 222 CFAE, faoina ngníomhaíonn an tAontas agus na Ballstáit de mheon dlúthpháirtíochta má fhulaingíonn Ballstát tubaiste;

3. AN TOSAÍOCHT atá tugtha go sainráite ag an Aontas don aistriú glas agus do chosaint na bithéagsúlachta faoin Margadh Glas, an cuspóir maidir le haeráidneodracht dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/1119, chomh maith leis an tionscadal um Eoraip níos glaise agus níos athléimní, a dtacaíonn an Pacáiste Téarnaimh leis, Eoraip ar fearr an cumas a bheidh inti aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá anois ann agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear ina gníomhaíocht sheachtrach, á gcur san áireamh di;

4. Á CHUR I BHFIOS GO LÁIDIR DI go bhfuil ról méadaitheach ag an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM), a bunaíodh in 2001 agus a treisíodh go háirithe in 2013, in 2019 agus in 2021, i bhfreagairt na hEorpa ar thubaistí nádúrtha agus ar thubaistí de dhéantús an duine, go leagtar síos, leis an leasú a rinneadh le déanaí ar UCPM, spriocanna athléimneachta tubaistí bunaithe ar chásanna reatha agus ar chásanna réamhbhreathnaitheacha, agus go gcuidíonn UCPM le spriocanna foriomlána maoiniúcháin an Aontais a bhaint amach i dtaca leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht;

5. Á MHEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle an 4 Meitheamh 2009 maidir le feasacht ar an gcosaint shibhialta a mhúscailt, mar aon leis na Conclúidí ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le creat Comhphobail i ndáil le tubaistí a chosc san Aontas Eorpach, agus na Conclúidí ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2011 maidir le ról na ngníomhaíochtaí deonacha sa bheartas sóisialta, ina gcuirtear i dtábhacht go dtéann gníomhaíochtaí deonacha chun tairbhe do shaorálaithe, do phobail agus don tsochaí i gcoitinne; cruthú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh in 2018; a thábhachtaí atá an tsochaí shibhialta agus na saoránaigh maidir leis an tsábháilteacht agus an athléimneacht a fheabhsú; agus gealltanais an Aontais do Bhliain Eorpach na hÓige 2022;

6. Á MHEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle an 3 Meitheamh 2021 maidir le hEoraip aeráid-díonach a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, mar aon leis na Conclúidí ón gComhairle an 23 Samhain 2021 maidir le feabhas a chur ar an ullmhacht, an cumas freagartha agus an athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo;

7. Á THABHAIRT DÁ HAIRE gur ríléir iad éifeachtaí an athraithe aeráide agus go bhfuil teagmhais fhoircneacha a bhaineann leis an athrú aeráide ag tarlú níos minice agus ag éirí níos déine agus níos leanúnaí, rud a chuireann leis an mbaol go mbeidh caillteanais shuntasacha ann i dtaca le daoine, ábhair agus an dúlra, agus á chur i dtreis go gcaithfidh na Ballstáit dul i mbun gnímh i dtaca leis sin;

8. Á AITHINT DI measúnuithe eolaíocha maidir leis an athrú aeráide, mar aon leis na himpleachtaí a bhaineann leis an athrú aeráide agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, chomh maith le roghanna maidir le hoiriúnú agus maolú arna gcur ar fáil ag Painéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide;

9. Á AITHINT DI a leochailí atá daonraí agus críocha na hEorpa a mhéid a bhaineann lena n-éagsúlacht, go háirithe maidir le himchuach na Meánmhara, limistéir shléibhtiúla agus foraoiseacha, tuilemhánna, farraigí, cóstaí agus críocha oileánacha, na críocha Artacha agus na réigiúin agus na limistéir uirbeacha is forimeallaí;

10. Á THABHAIRT DÁ haire an ról nach beag atá ag straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais mar cheann de na hionstraimí beartais sheachtraigh lena rachfar i ngleic le tionchair an athraithe aeráide agus lena ndéanfar an athléimneacht a neartú;

II. DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. ATHDHEARBHAÍONN sí prionsabal na dlúthpháirtíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a ghabhann leis an athrú aeráide san Aontas agus ar fud an domhain;

2. MEABHRAÍTEAR DI an phríomhfhreagracht atá ar na Ballstáit a muintir, an comhshaol agus an mhaoin, lena n-áirítear an oidhreacht chultúrtha, a chosaint;

3. CUIREANN SÍ I DTÁBHACHT ról na rannpháirtíochta poiblí agus deonaí a chuireann, mar a cuireadh i bhfios i gconclúidí thuasluaite an 3 Deireadh Fómhair 2011, le forbairt na saoránachta gníomhaí, an daonlathais agus an chomhtháthaithe shóisialta, agus, tríd an méid sin a dhéanamh, luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais a chur chun feidhme, chomh maith le hathléimneacht i réimse na cosanta sibhialta;

4. MEASANN SÍ, de thoradh ar an athrú aeráide, nach mór do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais a bheith ullamh chun dul i ngleic le tubaistí mórscála, ilearnála, trasteorann a bhféadfadh éifeachtaí cascáideacha a bheith acu, a d'fhéadfadh tarlú ag an am céanna agus níos minice, laistigh agus lasmuigh den Aontas, agus a bhféadfadh tionchar mór a bheith ag a n-iarmhairtí ar shaol agus ar ghníomhaíochtaí an duine agus ar an mbithéagsúlacht;

5. TUGANN SÍ DÁ HAIRE gur gá don Aontas cur chuige córasach níos comhleanúnaí agus níos réamhghníomhaí a fhorbairt chun athléimneacht i leith iarmhairtí an athraithe aeráide a fheabhsú ag gach céim den timthriall bainistithe tubaistí, lena n-áirítear cosc, ullmhacht, freagairt agus téarnamh;

6. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé eolas, fios gnó agus nuálaíocht a chomhroinnt agus a chomhthiomsú, chomh maith leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún;

7. AITHNÍONN SÍ gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag na bearta atá á ndéanamh ag na Ballstáit agus ag na hinstitiúidí Eorpacha i gcomhthéacs an oiriúnaithe d'éifeachtaí an athraithe aeráide, maidir le straitéis an Aontais i ndáil le hoiriúnú don athrú aeráide, iarrachtaí an Aontais a chomhlánú i réimse an bhainistithe riosca tubaistí;

8. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go mbeadh dóthain acmhainneachtaí in-imscartha go hidirnáisiúnta laistigh de na Ballstáit, agus a thábhachtaí atá an Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta (ECPP), agus cúltaca straitéiseach Eorpach d'acmhainneachtaí (rescEU) a bheidh réidh chun freagairt go tapa agus go héifeachtúil ar thubaistí a bhaineann leis an athrú aeráide nuair a sháraíonn scála na héigeandála na féidearachtaí ag tír freagairt uirthi ina haonar;

9. TUGANN SÍ DÁ HAIRE go bhfuil ról suntasach ag UCPM maidir le bainistiú tubaistí, go neartaíonn sé comhpháirtíochtaí an Aontais agus go rannchuidíonn sé le cultúr Eorpach cosanta sibhialta;

10. IARRANN SÍ ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a) Na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide sa timthriall bainistithe tubaistí **a chur san áireamh**, mar shampla leas a bhaint as na huirlisí a bhunaigh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil le chéile, amhail an t-ardán Climate-ADAPT;

b) Obair agus taighde **a chothú** maidir leis na bealaí ar féidir éifeachtaí an athraithe aeráide a athbhreithniú agus a ionchorprú ina gcórais bainistithe rioscaí tubaistí; obair agus taighde den sórt sin a chomhtháthú i measúnú riosca náisiúnta na mBallstát, measúnú ar an gcumas bainistithe riosca a fhorbairt agus pleanáil an bhainistithe riosca tubaiste a fheabhsú mar a fhoráiltear in Airteagal 6 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta;

c) **Tacú** le taighde agus nuálaíocht agus iad **a chomhthiomsú** chun feabhas a chur ar na hacmhainneachtaí náisiúnta um chosaint shibhialta i gcomhthéacs an athraithe aeráide, go háirithe tríd an Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta ("an Líonra Eolais" anseo feasta), agus sa chomhthéacs sin, trí ionaid barr feabhais, ollscoileanna, taighdeoirí agus pobail théamacha nó ionaid saineolais;

d) Infheistíocht **a spreagadh** i dtaighde agus i nuálaíocht i réimse na cosanta sibhialta i gcomhthéacs an athraithe aeráide agus cistiú Eorpach ábhartha a shlógadh;

e) Gníomhaíochtaí leordhóthanacha maidir le cosc agus le hullmhacht **a fhorbairt**, lena n-áirítear a áirithiú go mbeidh acmhainneachtaí leordhóthanacha ar fáil, a bheidh dírithe ar na rioscaí a eascraíonn as an athrú aeráide amhail dóiteáin foraoise agus tuilte, ar baol iad araon atá ag dul i méid do shaoránaigh an Aontais;

f) **Féachaint**, i ndáil leis sin, le hacmhainneachtaí ECPP agus rescEU a fhorbairt bunaithe, i measc nithe eile, ar chásanna reatha agus réamhbhreathnaitheacha dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, agus rioscaí arna sainaithint agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus acmhainneachtaí agus bearnaí foriomlána ar leibhéal an Aontais, go háirithe i réimsí aerchomhrac na ndóiteán foraoise, na dteagmhas ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach, na práinnfhreagartha leighis, mar aon le réimsí an iompair agus na lóistíochta. agus dídine;

g) Oibríochtaí cosanta sibhialta **a dhéanamh** níos glaise agus níos inbhuanaithe ag gach céim den timthriall bainistithe tubaistí agus taighde, nuálaíocht agus comhroinnt eolais a chur chun cinn;

h) Tionchair ar an gcomhshaol agus ar an athrú aeráide **a chur san áireamh** sa chúnamh a chuirtear ar fáil trí UCPM, go háirithe trí acmhainní a chomhthiomsú i gcás inarb iomchuí;

i) **Tacú le** hullmhacht agus le hathléimneacht an daonra atá neamhchosanta ar rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide trí fhaisnéis shonrach, oideachas, oiliúint agus cleachtaí a bhféadfadh na leibhéil náisiúnta agus fo-náisiúnta agus fiú gné thrasteorann a bheith i gceist leo, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine a bhfuil leochaileachtaí sonracha acu;

j) Eagraíochtaí saorálaithe **a neartú** mar dhlúthchuid den chosaint shibhialta;

k) **Féachaint**, ina leith sin, ar thionscnaimh spontáineacha **a chomhthiomsú** in oibríochtaí freagartha i gcás inarb iomchuí agus i gcomhordú leis na húdaráis áitiúla;

l) **Béim a chur ar a**n tábhacht atá le rannchuidiú na saoránach lena sábháilteacht agus lena n-athléimneacht féin, agus spreagadh a thabhairt d'aon tionscnamh atá dírithe ar a rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí deonacha agus i socruithe deonacha don fhreagairt ar thubaistí a luacháil, a aithint agus a chur chun cinn, i gcás inarb iomchuí trí chreat dlíthiúil;

m) **Aird a thabhairt** ar ról speisialta na hóige ina leith sin;

n) An saoránach **a chur chun cinn** a ghlacann páirt ghníomhach, as a stuaim féin maidir le sábháilteacht nó athléimneacht phearsanta, nó mar chomhalta de struchtúir shibhialta náisiúnta nó áitiúla a chuireann leis an gcosaint shibhialta, trí na trí ghné seo a leanas:

   i) foláirimh a thabhairt: ról agus freagrachtaí na n-institiúidí éagsúla a shoiléiriú maidir le foláirimh spriocdhírithe a eisiúint chuig daoine lena mbaineann, agus úsáid a bhaint freisin as teicneolaíochtaí nua-aimseartha faisnéise agus cumarsáide;

   ii) faisnéis a sholáthar: feasacht phoiblí a mhúscailt maidir leis na rioscaí lena mbaineann, go hairithe sna limistéir is mó atá neamhchosanta ar éifeachtaí an athraithe aeráide, trí fhaisnéis phoiblí a scaipeadh agus gníomhaíochtaí oiliúna a eagrú, lena n-áirítear ar bhonn deonach;

iii) slógadh: líonraí agus comhlachais saoránach agus saorálaithe a spreagadh a bhfuil baint acu le tionscnaimh chun rioscaí a chosc, freagairt ar thubaistí agus oiliúint gharchabhrach;

o) A thábhachtaí atá éigeandálaí fadtéarmacha agus na rioscaí méadaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leo do chórais cosanta sibhialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon **a chur san áireamh**;

p) Tionchar an athraithe aeráide ar ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta cosanta sibhialta **a mheas**, tríd an gcomhar a neartú agus trí thacú le bainistiú tubaistí agus géarchéime;

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) **Dícheall a dhéanamh** "forléargas trasearnálach ar thubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine a d'fhéadfadh a bheith i ndán don Aontas" a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta trí thionchair an athraithe aeráide a chur san áireamh, bunaithe ar thuarascálacha measúnaithe riosca náisiúnta na mBallstát;

b) **A áirithiú** go gcuirfear tionchair an athraithe aeráide san áireamh go córasach le linn an timthrialla bainistithe tubaistí;

c) **A áirithiú** go gcuirfear san áireamh sa UCPM nádúr éagsúil na dtubaistí ar bhealach atá frithghníomhach agus inoiriúnaithe araon agus, nuair is féidir, ar bhealach atá réamhghníomhach;

d) **Cur leis** an teacht atá ar shaineolaithe i réimse an chomhshaoil agus an athraithe aeráide lena n-imlonnú faoi UCPM;

e) Comhlántacht an UCPM le sásraí bainistithe géarchéime eile de chuid an Aontais **a chur chun cinn**;

f) **Tacú le** taighde agus nuálaíocht i réimse na cosanta sibhialta, eadhon trí fhardal den eolas atá ar fáil a bhunú agus an Líonra Eolais, an tIonad Eolais um Bainistíocht Rioscaí Tubaistí agus na hionaid barr feabhais a d'fhéadfaí a chruthú laistigh den chreat sin a shaibhriú, chomh maith leis na hionaid arna gcothabháil ag eagraíochtaí idirnáisiúnta;

g) Ionstraimí, uirlisí agus ardáin an Aontais maidir le bainistiú tubaistí agus géarchéime agus maidir le cinntí **a neartú** agus a oiriúnú faoin gComhchóras Cumarsáide agus Faisnéise Éigeandála, faoin bhFaireachlann Eorpach um Thriomach, faoin gCóras Eorpach maidir le Feasacht Tuile, faoin gCóras Eorpach Faisnéise maidir le Dóiteáin Foraoise agus faoi Galileo, Copernicus agus na cláir cumarsáide satailíte rialtais AE;

h) **Feabhas a chur ar** chumais réamh-mheasta agus freagartha an Lárionaid Comhordúcháin Práinnfhreagartha, go háirithe trí fhéachaint ar an mbealach a bhféadfaí leas níos fearr a bhaint as nuálaíochtaí teicneolaíochta, lena n-áirítear an intleacht shaorga agus na foinsí sonraí atá ar fáil chun rioscaí tromchúiseacha aeráide a bhrath agus a réamh-mheas;

i) Oibríochtaí cosanta sibhialta Eorpacha níos glaise agus níos inbhuanaithe **a chothú** trí thacú le taighde agus nuálaíocht, forléargas a bhunú ar staid na himeartha faoi láthair agus treoracha maidir le dea-chleachtas sa réimse seo a dhréachtú;

j) Rannpháirtíocht na sochaí sibhialta **a chur chun cinn a thuilleadh** maidir le cosc a chur ar an athrú aeráide agus freagairt oibríochtúil a thabhairt air trí thacú le rannchuidiú na saoránach lena sábháilteacht agus n-athléimneacht féin agus trí aon tionscnaimh freagartha ar thubaistí atá bunaithe ar shaorálaithe a chur chun cinn, i gcomhordú leis na húdaráis náisiúnta nó fonáisiúnta, lena n-áirítear trí dhámhachtainí Eorpacha;

k) Cláir oiliúna agus cleachtaí **a fhorbairt** chun tubaistí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid a bhainistiú, lena n-áirítear laistigh de chlár oiliúna an Aontais, agus infhaighteacht saineolais a spreagadh d'fhonn é a imscaradh faoi chuimsiú UCPM;

l) **Féachaint ar** shaincheist an athraithe aeráide i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta cosanta sibhialta, lena n-áirítear trí thaithí agus dea-chleachtais a mhalartú le comhpháirtithe, mar shampla sna Balcáin Thiar agus i gcomhthéacs Bheartas Comharsanachta na hEorpa;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir leis an dul chun cinn a dhéanfar faoi chuimsiú a thuarascálacha tríbhliantúla UCPM, agus iarrann sí ar na Ballstáit cuidiú leis an gCoimisiún sa chúram sin.

V

*(Fógairtí)*

GNÍOMHARTHA EILE

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Foilsiú an doiciméid aonair leasaithe tar éis mionleasú a fhormheas de bhun an dara fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012**

(2022/C 322/03)

Tá an mionleasú sin formheasta ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún ([1]).

Is féidir an t-iarratas ar fhormheas an mhionleasaithe seo a fheiceáil i mbunachar sonraí *e*Ambrosia de chuid an Choimisiúin.

DOICIMÉAD AONAIR

**"KORČULANSKO MASLINOVO ULJE"**

**Uimh. AE: PDO-GA-01351-AM01 — 5.5.2022**

**STFC (X) TGFC ( )**

1. **Ainm(neacha)**

   "Korčulansko maslinovo ulje"

2. **Ballstát nó tríú tír**

   an Chróit

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *Cineál táirge*

**Aicme 1.5. Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.)**

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is éard atá in "Korčulansko maslinovo ulje" ola olóige úríon a fhaightear go díreach ó thoradh an chrainn ológ trí mhodhanna meicniúla amháin.

Tráth a chuirtear ar an margadh é, ní mór na hairíonna fisiceimiceacha agus orgánaileipteacha seo a leanas a bheith ag "Korčulansko maslinovo ulje":

— cion saoraigéid shailligh ≤ 0,6 %;

— luach sárocsaíde ≤ 12 mEq/kg;

— K232 ≤ 2,50

— K270 ≤ 0,22

— dath atá idir buí órga agus uaine;

([1]) IO L 179, 19.6.2014, lch. 17.

— dea-bholadh suntasach torthaí glasa agus duilleog ológ (an meán i gcomhair "fruity" ≥ 2.5);

— blas searbh géar idir meánach agus dian, é suntasach aonchineálach, agus iarbhlas fada aige (an meán i gcomhair searbhas agus géire ≥ 3).

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de bhunús ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Is iad na hamhábhair bhunúsacha chun "Korčulansko maslinovo ulje" a tháirgeadh ológa na saothróg dúchasach "Lastovka" agus "Drobnica", astu féin nó i gcomhcheangal le chéile agus a bhfuil 80 % ar a laghad den táirge iontu. Maidir le saothróga ológ eile a fhástar sa limistéar geografach a shainítear faoi phointe 4, ní mó ná 20 % iad de na hológa uile a phróiseáiltear chun "Korčulansko maslinovo ulje" a tháirgeadh agus ní bhíonn tionchar suntasach acu ar cháilíocht an táirge deiridh.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a thógáil sa limistéar geografach sainithe*

Gach céim de tháirgeadh "Korčulansko maslinovo ulje" (saothrú, buain agus próiseáil na n-ológ), ní mór iad a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe dá dtagraítear faoi phointe 4.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le slisniú, grátáil, pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an ola a stóráil agus a bhuidéalú freisin sa limistéar geografach sainithe dá dtagraítear faoi phointe 4 d'fhonn airíonna orgánaileipteacha sonracha agus cáilíocht an táirge a chaomhnú, rud ar a bhféadfaí drochthionchar a imirt ach a ndéanfaí é a scinceáil. Gach uair ina dhiaidh sin a dhéantar an ola a scinceáil lasmuigh den limistéar geografach sainithe, nó a iompar de mhuir thar achair fhada, d'fhéadfaí tionchar díobhálach a imirt ar cháilíocht na hola mar gheall ar na hidirbhealaí iompair idir oileán Korčula agus an mhórthír a bhféadfadh srianta a bheith leo. Ar na cúiseanna sin, ní féidir an táirge a bhuidéalú lasmuigh den limistéar geografach sainithe. Cuirtear "Korčulansko maslinovo ulje" ar an margadh i gcoimeádáin ghloine (dorcha) nach mó a dtoilleadh ná 1 lítear. Is féidir coimeádáin stáin atá beartaithe don chineál seo táirge agus toilleadh suas le 5 lítear a úsáid freisin más rud é go bhfuil córas dúnta acu nach féidir a chur ar ais ina riocht bunaidh tar éis a oscailte.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór bliain an fhómhair a léiriú ar an lipéad táirge. Ní mór an t-aitheantóir comónta a bheith ar gach coimeádán a chuirfear ar an margadh. Taispeántar dearadh an aitheantóra chomónta thíos.

Tá sé de cheart ag úsáideoirí uile an tsonrúcháin tionscnaimh a chuireann an táirge ar an margadh i gcomhréir lena shonraíocht úsáid a bhaint as an aitheantóir coiteann, faoi na coinníollacha céanna.

4. **Sainmhíniú gonta ar an limistéar geografach**

I limistéar táirgthe'Korčulansko maslinovo ulje' tá oileán uile Korčula, i.e. na bardais chadastracha Vela Luka, Blato, Smokvica, Čara, Račišće, Pupnat, Žrnovo, Korčula agus Lumbarda.

San iarthar, tá an t-oileán scartha ó oileán Hvar le Cainéal Korčula atá 15 chiliméadar ar fhad, ar an taobh thuaidh, tá sé scartha ó Leithinis Pelješac le Cainéal Pelješac atá 2.5 chiliméadar ar fhad, agus ar an taobh theas, tá sé scartha ó oileán Lastovo le Cainéal Lastovo atá 13 chiliméadar ar fhad.

5. **Baint leis an limistéar geografach**

*Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Is éard is suntasaí faoi oileán Korčula an tír-raon carraigeach sléibhtiúil inar carraigeacha is mó atá ann, agus inar beag talamh arúil atá ann. Tá na carraigeacha bainte den talamh arúil a rinneadh a thiontú ina hardáin. An charraig a bhaintear as an talamh, úsáidtear í ansin chun ballaí cloiche singile a thógáil agus is iad na ballaí cloiche singile atá timpeall ar na léibhinn. Leis na ballaí cloiche singile coinnítear an ithir thorthúil ar na léibhinn; i bhfocail eile, ní ligeann siad don bháisteach an ithir a ghlanadh léi. San ithir thorthúil sin atá ar an taobh istigh de na ballaí cloiche singile, cuirtear garráin ológ ina bhfuil crainn de chuid na saothróg dúchasach "Lastovka" agus "Drobnica".

Is féidir na príomhchineálacha talún arúla a roinnt ina dhá ghrúpa: reigeasail léibheannacha agus reigeasail goirt. Is minic a bhíonn ithreacha donna calcacha agus terra rossa in ithreacha reigeasail.

Tá aeráid na Meánmhara ag oileán Korčula, geimhrí cineálta agus samhraí tirime aige. Is de thoradh an nochta aird ar sholas na gréine é an mheánteocht ard. Is idir 15,6 °C agus 16,8 °C a bhíonn an mheánteocht bhliantúil ar oileán Korčula. Is é mí Iúil an mhí is teo, agus meánteocht 25,9 °C ann, ach is é Feabhra an mhí is fuaire, agus meánteocht 9,1 °C ann.

Ó thaobh an nochta ar sholas na gréine de, tá Korčula an-oiriúnach do shaothrú ológ. Is i mí Iúil atá an líon is mó uaireanta an chloig de sholas na gréine (373,7 nó thart ar 12 uair an chloig gréine in aghaidh an lae), agus is i mí na Nollag atá an líon is lú díobh (125,3 nó thart ar 4 uair an chloig in aghaidh an lae).

Maidir leis an bhfrasaíocht bhliantúil, is saintréith d'aeráid oileán Korčula í an bhogthaise. Faightear an chuid is mó den fhrasaíocht sa chuid is fuaire den bhliain, ó mhí Dheireadh Fómhair go mí an Mhárta, nuair a bhíonn an mheánfhrasaíocht mhíosúil idir 80 mm agus 150 mm. Faightear an chuid is lú den fhrasaíocht ó mhí an Mheitheamh go mí Lúnasa, ag dul ó 30 mm go 45 mm ar an meán.

*Tosca a bhaineann leis an duine*

Bhí príomhról ag daonra oileán Korčula maidir le tírdhreach an oileáin a chruthú. D'oibrigh saothróirí ológ an tír-raon sléibhe carraigeach, é á chlaochlú ina thalamh arúil léibheannach agus á chur in oiriúint do shaothrú na gcrann ológ atá ar an taobh istigh de na ballaí cloiche singile. Cuireann an deacracht a bhaineann le rochtain a fháil ar ardáin cnoic cosc ar úsáid a bhaint as innealra mór. Déantar an fómhar de láimh agus le huirlisí láimhe meicniúla.

Tháinig athrú ar úinéirí oileán Korčula go minic ón tréimhse réamhstairiúil, agus mar sin bhí tionchar ag an iliomad imeachtaí stairiúla ar an saol agus ar fhorbairt na mbarr airgid ar an oileán. Tá flúirse fianaise stairiúil lena léirítear go bhfuil ológa á saothrú agus ola olóige á táirgeadh ar oileán Korčula ó thréimhse an choilínithe Shean-Ghréigigh agus faoi riail na Róimhe agus na Veinéise. Tá foinsí i scríbhinn ón tréimhse ina raibh Korčula faoi riail na Veinéise ina luaitear gur "cheannaigh rialtas na Veinéise ola ar phraghas an-íseal, rud a thug ar áitritheoirí an oileáin í a smugláil." Cé gur tugadh isteach pionóis dhiana, tá figiúirí lena léirítear gur éirigh le hola Korčula a fhad le Trieste, fiú.' (S. Dokoza, *Iz gospodarske i društvene povijesti Blata do XVIII. st.*, Zbornik radova, Blato, 2003).

*Sainiúlacht an táirge*

Eascraíonn sainiúlacht "Korčulansko maslinovo ulje" as an meascán de shaothróga dúchasacha ológ "Lastovka" agus "Drobnica" arb iad 80 % de na hológa atá ar oileán Korčula.

Ina chuid oibre eolaíochta (*Elajografija otoka Korčule* (1995)), is éard a deir Pavle Bakarić nach ionann na saothróga ológ dúchasacha "Lastovka" agus "Drobnica" agus cineálacha eile ar oileán Korčula ("Velika Lastovka", "Vrtušćica", "Oblica") i dtéarmaí a saintréithe moirfeolaíocha, bitheolaíocha agus tráchtála. Is éard a deir sé freisin gur mó an cion ola a fhaightear sa dá shaothróg sin (ó 16.40 % go 24 %) ná ológa úra na saothróg eile.

Eascraíonn sainiúlacht "Korčulansko maslinovo ulje" as a dhea-bholadh (lena dtugtar chun cuimhne torthaí glasa agus duilleoga ológ) agus as a bhlas (blas searbh géar idir meánach agus dian, é suntasach aonchineálach) ar de thoradh a sciar ard d'fheanóil iomlána iad, agus arb iad is cúis lena n-airíonna céadfacha, i.e. seirbhe agus géire. Cruthaíodh é sin trí thaighde (M. Žanetić, D. Škevin, E. Vitanović, M. Jukić Špika agus S. Perica, *Ispitivanje fenolnih spojeva agus profil Dalmatinskih djevičanskih maslinovih ulja*, Pomologia croatica vol. 17, 2011), fuarthas amach gur mó an cion feanól iomlán (níos mó ná 350 mg/kg) in ola olóige na saothróg "Lastovka" agus "Drobnica" ná an cion ó na saothróga eile a

ndearnadh anailís orthu ("Oblica" agus "Levantinka"), a raibh cion feanóil iomlán 161.15 mg/kg iontu. Fuarthas amach freisin gur ag an tsaothróg "Lastovka" an cion is mó hiodrocsaitíreasóil (214,32 mg/kg), agus gur ag "Drobnica", an cion is mó tíreasóil (84,37 mg/kg) de na saothróga a ndearnadh anailís orthu. Is ó chomhdhúile feanólacha san ola ó na saothróga "Lastovka" agus "Drobnica" a fhaightear an chobhsaíocht ocsaídiúcháin ard agus an seilfré fhada. Bíonn tionchar ag cion ard na gcomhdhúl feanólach ar sheirbhe agus ar ghéire "Korčulansko maslinovo ulje" (an meán i gcomhair seirbhe agus géire ≥ 3), agus is fearr a léirítear an chothromaíocht idir an dá thréith sin sna saothróga "Drobnica" agus "Lastovka", na saothróga óna dtáirgtear an ola olóige thuasluaite.

Tá thart ar 1 000 gabháltas talmhaíochta agus 10 muileann ológ ag gabháil do shaothrú ológ agus do tháirgeadh ola olóige ar oileán Korčula inniu. Is gníomhaíocht eacnamaíoch thábhachtach é saothrú na n-ológ ar an oileán, agus úsáidtear an t-ainm "Korčulansko maslinovo ulje" sa lá atá inniu fós, agus ar an margadh (nóta seachadta agus loingseoireachta, Presa d.o.o., Zlokić d.o.o., 2014).

*Nasc cúisíoch*

Bhí lámh ag na dálaí peidichlíomacha sonracha ar oileán Korčula agus ag gníomhaíocht an duine i gcruthú shainiúlacht "Korčulansko maslinovo ulje".

Rinne na háitritheoirí áitiúla tír-raon carraigeach agus sléibhtiúil an oileáin a athrú ina léibhinn ithreach ar an taobh istigh de bhallaí cloiche singile d'fhonn é a shaothrú. Cuireadh garráin ológ sna léibhinn ar crainn ológ de chuid na saothróg "Lastovka" agus "Drobnica" iad. Is gnéithe barántúla de thírdhreach an oileáin iad na léibhinn a bhfuil balla agus crainn ológ timpeall orthu.

Tá táirgeoirí tar éis na saothróga "Lastovka" agus "Drobnica" a roghnú mar gurb iad is fearr a oireann do na dálaí peidichlíomacha sonracha. Is iad 80 % de na hológa a fhástar ar oileán Korčula.

Mar gheall ar shuíomh geografach Korčula, bíonn teocht laethúil an-ard den chuid is mó ann agus tá líon an-ard uaireanta de sholas na gréine ann. Leis sin, éascaítear saothrú agus fás na n-ológ, go háirithe na saothróga "Lastovka" agus "Drobnica", ar saothróga iad atá an-díonach ar thriomach agus a bhfuil tréimhse fómhar an-fhada acu (ó mhí Dheireadh Fómhair go tús mhí Feabhra).

De bharr go ndéantar na hológa a phiocadh de láimh, is féidir le táirgeoirí áitiúla an t-am is fearr a shocrú chun iad a bhuain. Is é an toradh a bhíonn air sin ológa a bhfuil cion feanóil ard iontu, rud a thugann do "Korčulansko maslinovo ulje" blas searbh géar atá idir meánach agus dian.

Is é an toradh indíreach a bhíonn ar dhálaí aeráide sonracha Korčula, áit ina mbíonn leor uaireanta an chloig de sholas na gréine agus frasaíocht íseal i míonna an tsamhraidh, mhéadú ar chion feanóil na n-olaí ó na saothróga "Lastovka" agus "Drobnica". Léiríodh in anailísí gur mó an cion seo ná cineálacha eile a ndearnadh tástáil orthu, rud a thugann do "Korčulansko maslinovo ulje" a thréith shonrach.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://poljoprivreda.gov.hr/UserDocsImages/dokumenti/hrana/proizvodi_u_postupku_zastite-zoi-zozp-zts/Izmijenjena_specifikacija_Korculansko_maslinovo_ulje_012022.pdf

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA